1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

**BP-25-108**

# Miontuairiscí Cruinnithe Boird Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL)

**Dáta:** 20 Deireadh Fómhair 2025
**Am:** 4:30 pm
**Ionad:** Ceannoifig BOOÁCDL

**I láthair:**
Brigid Manton, Charlotte O'Donovan, Claire McGing, Comhairleoir Angela Donnelly, Comhairleoir Jacqueline Burke, Comhairleoir John Walsh, Comhairleoir Michael Clark, Comhairleoir Mick Duff (Cathaoirleach), Comhairleoir Pamela Kearns, Comhairleoir Vicki Casserly, Comhairleoir Yvonne Collins, Dara Fitzpatrick, David O'Connell, Ken Farrell, Sarah Widaa, Wayne Carey

**Leithscéalta:** Colm Kilgallon, Comhairleoir Dean Mulligan, Comhairleoir Eimear Carbone-Mangan, Comhairleoir Thomas Joseph

**I láthair:**
Caitríona Murphy, Príomhfheidhmeannach; Joanne McCloskey, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna; Nichola Spokes, Stiúrthóir na Scoileanna; Mark McDonald, Stiúrthóir na Scoileanna; Paul Turner, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Claire Keane, Rialachas; Claire O'Sullivan, Ceann Inbhuanaitheachta Eastáit; Suzanne Graham, Oifigeach Forbartha um Chosaint Leanaí; Mairead Walsh, Ceann na Cistíochta; Ross Lynam, Ceann na bhFoirgneamh agus na dTionscadal Caipitil

**Cáipéisíocht:**
Uaslódáilte go Leictreonach

**Fáilte**
Chuir an Cathaoirleach, An Clr Mick Duff, fáilte roimh na comhaltaí chuig an gcruinniú.

1. **Leithscéalta/Comhbhrón**
   Tugadh leithscéalta ó Colm Kilgallon, Comhairleoir Dean Mulligan, Comhairleoir Eimear Carbone-Mangan, Comhairleoir Thomas Joseph ar aird.
   Rinneadh comhbhrón le teaghlach gach ball foirne ar cailleadh duine muinteartha leo ó bhí an cruinniú deiridh ann.

2. **Dearbhú Coinbhleachta Leasa**
   Níor dearbhaíodh aon choinbhleachtaí.

3. **Nithe atá le Réiteach ag an mBord**

**3.1 Miontuairiscí**

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe a tionóladh ar an 15 Meán Fómhair 2025.
**Molta ag:** Wayne Carey, **Duine a thacaigh leis:** Ken Farrell

**3.2 Glacadh le Téarmaí Tagartha agus Cairt um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca de chuid Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (ARC)**

D'fhormheas an Bord glacadh le Téarmaí Tagartha agus Cairt um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ARC.

**Molta ag:** Wayne Carey, **Duine a thacaigh leis:** Pamela Kearns

**3.3 Comhairleoir Ted Leddy a cheapadh mar Ionadaí Chomhairle Contae Fhine Gall ar Bhord BOOÁCDL**

D'fhormheas an Bord ceapadh Chomhairleoir Ted Leddy mar Ionadaí Chomhairle Contae Fhine Gall ar Bhord BOOÁCDL.

**Molta ag:** Clr Jacqueline Burke, **Duine a thacaigh léi:** Clr John Walsh

**3.4 Brian Mahon a cheapadh ar Choiste Airgeadais BOOÁCDL**

Mhínigh an Feidhmeannach go bhfuil an Coiste Airgeadais ag iarraidh an coiste a mhéadú agus ball amháin nó beirt a cheapadh. D'aithin an Príomhfheidhmeannach Brian Mahon mar iarrthóir oiriúnach don Bhord. Ní mór don Bhord fochoiste a chur i bhfeidhm anois, athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíochtaí, agus an t-iarrthóir a chur faoi agallamh más gá. Tarlóidh cruinniú an fhochoiste sin tar éis chruinniú an Bhoird. D'aontaigh an Bord go mbeadh an Clr Mick Duff, an Clr Pamela Kearns agus an Clr Michal Clarke ar an bhfochoiste.

**3.5 Boird Bhainistíochta**

Luke Corkery a cheapadh mar Ionadaí Pobail ar Bhord Bainistíochta Phobalscoil Náisiúnta (CNS) **Broadmeadow**
**Molta ag:** An Clr. Eimear Carbone-Mangan**, Duine a thacaigh léi:** Wayne Carey

**3.6 Tuarascáil Bhliantúil agus Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh**

D'iarr an Roinn Oideachais agus Óige (DEY) leasuithe ar an bhfoclaíocht sa Tuarascáil Bhliantúil agus i dTuarascáil Bhliantúil an Chathaoirligh. D'fhormheas an Bord an fhoclaíocht leasaithe.
**Molta ag:** Wayne Carey**, Duine a thacaigh leis:** An Clr. Jacqueline Burke

**4. Nithe le tabhairt ar aird ag an mBord**

**4.1 Coistí an Bhoird** – Tugtha ar aird

**4.2 Comhfhreagras ón Roinn – Ciorcláin agus Comhfhreagras** - Tugtha ar aird

**4.3 Soláthar Maoinithe Gearrthéarmach** – Tugtha ar aird

**4.4 Tuarascáil um Chomhlíonadh Carthanachta** - Tugtha ar aird

**4.5 Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide**

Chuir Príomhoifigeach Cúnta um Inbhuanaitheacht Eastáit (Claire O'Sullivan) achoimre ar fáil maidir le Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid BOOÁCDL 2025, lena gcuimsítear:

- Cad is Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide ann
- Cén fáth a gceanglaítear é
- Spriocanna BOOÁCDL
- Eagraíocht Ghlas BOOÁCDL
- Comhpháirtithe BOOÁCDL um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Príomhréimsí chun spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide a bhaint amach
- Buaicphointí Feidhmíochta GTT
- Sonraí Fuinnimh agus Bearna ar Spriocanna
- Tionscadail

**4.6 Ionaid Dhá Fheidhme agus Maoiniú**

Leanann BOOÁCDL de bheith rannpháirteach leis an Roinn Oideachais agus Óige agus beidh siad ag cruinniú le Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (SDCC) an tseachtain seo chugainn chun samhlacha gnó féideartha a phlé a d'fhéadfadh tacaíochtaí airgeadais inbhuanaithe a chur ar fáil do na hionaid sin.

**4.7 Nuashonrú ar Scoileanna Speisialta**

Chuir an Feidhmeannach in iúl go bhfuil na haistrithe ar siúl agus tá sé beartaithe go mbeidh CSS Bhéal Maighne agus CSS Leamhcáin ar oscailt ar an 3 Samhain ag brath ar aistriú agus oibreacha deiridh. Bhí plé i leith soláthar foirne ina dhiaidh. Osclófar an síneadh in CSS Danu ar an 3 Samhain freisin.

**4.8 Comhfhreagras NCSE**

Pléigh an Feidhmeannach an feachtas náisiúnta gur cheart go mbeadh 4 rang speisialta i ngach scoil. Scríobh BOOÁCDL chuig an Roinn Oideachais agus Óige (DEY) agus chuig an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) maidir le hacmhainneacht scoileanna chun ranganna breise SEN a oscailt. Tá BOOÁCDL ag fanacht ar chomhfhreagras ina gcuirtear in iúl cén ranganna speisialta a cheanglófar orainn a oscailt. Bhí plé ina dhiaidh sin i leith litreacha smachtbhanna de chuid NCSE agus i leith an phróisis cead isteach maidir le háiteanna SEN.

**4.9 Cosaint Leanaí in BOOÁCDL**

Chuir an tOifigeach Forbartha um Chosaint Leanaí (Suzanne Graham) achoimre ar Chosaint Leanaí in BOOÁCDL ar fáil, lena n-áirítear:

- Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí
- Ráitis um Chosaint Leanaí (CSS)
- Ráiteas Corparáideach um Chosaint Leanaí
- Grúpaí Maoirseachta
- Foráil um Chumhdach agus Cosaint Leanaí
- Foráil um Chosaint Leanaí

- Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta
- Nósanna Imeachta 2025 – le glacadh leo faoi Nollaig 2026

**5 Nithe a Chuir an Feidhmeannach Isteach**

**5.1 Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach**

Scaipeadh tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach agus ón Stiúrthóir i bpacáiste an Bhoird agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird ó bhéal iad.

Tá athbhreithniú ar dhul chun cinn maidir le seachadadh na Straitéise 2022–2026 á dhréachtú faoi láthair. Tá sé ar intinn againn é sin a chur faoi bhráid an Bhoird ag cruinniú na Samhna. Mura bhfuil é sin indéanta, cuirfear ar aghaidh é chuig an gcruinniú i mí Feabhra chun tuarascáil chuimsitheach agus ardchaighdeáin a chinntiú.

**5.2 Tuarascáil Airgeadais**

Scaipeadh tuarascáil airgeadais i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus tugadh ar aird í.
Chuir Príomhoifigeach Cúnta na Cistíochta Mairéad Walsh an Tuarascáil Airgeadais faoi bhráid an Bhoird.

**5.3 Tuarascáil Foirgneamh**

Scaipeadh tuarascáil foirgneamh i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus tugadh ar aird í.
Phléigh Príomhoifigeach Cúnta Foirgneamh Ross Lynam dul chun cinn maidir leis na tionscadail seo a leanas:

- Coláiste Pobail an Ghrífín
- Coláiste Chilliain
- Gaelcholáiste Reachrann
- Coláiste Pobail Leamhcáin
- Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha
- Coláiste Pobail Ghleann na hAbhann
- Pobalscoil Speisialta Danú
- Pobalscoil Speisialta Leamhcáin
- Pobalscoil Speisialta Bhéal Maighne
- Pobalscoil Ráth Dara
- BOO Chluain Dolcáin
- Coláiste na Todhchaí
- Painéil PV

D'iarr baill an bhoird nuashonruithe maidir le Coláiste Pobail Naomh Finnian, Pobalscoil Náisiúnta Broadmeadow agus Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha, agus thug Ross freagra dóibh.

**5.4 Próifíl Foirne**

Ceapacháin agus arduithe céime; scoir - tugtha ar aird

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

**5.5 Beartais – tugtha ar aird**

Beartais - Tugtha ar aird

Clár Riosca – Tugtha ar aird

**6 Nithe a Chuir an Bord isteach**

- Luaigh ball an Bhoird comhaontas stairiúil le SDCC maidir le baill Bhord BOOÁCDL bheith ag páirceáil i gcarrchlós na Comhairle le haghaidh cruinnithe an Bhoird. Thacaigh ionadaithe BOOÁCDL agus SDCC leis an socrú a thabhairt ar ais. Tá an Cathaoirleach chun é a fhiosrú.
- Luaigh ball an Bhoird an chosúlacht idir seoltaí ríomhphoist CSS Leamhcáin agus CNS Leamhcáin. D'aithin an Feidhmeannach an chosúlacht ach mhínigh go leanaimid meicníochtaí náisiúnta ó thaobh ríomhphost de. Dheimhnigh an feidhmeannach don Bhord go ndéanfaidís monatóireacht ar an scéal ach dheimhnigh go raibh maolú ar na hearráidí ó chríochnaigh an próiseas iontrála.
- D'iarr ball an Bhoird forbhreathnú ar Fhoirgnimh chun tacú le léamh Thuarascáil agus Cur i Láthair na bhFoirgneamh a chuireann Ross ar fáil ag gach cruinniú. Dheimhnigh an Feidhmeannach gur féidir leo cur i láthair agus treoir a chur ar fáil le húsáid amach anseo chun tacú le baill.
- D'iarr ball an Bhoird go gceadófar cianrochtain ar an gcruinniú in imthosca eisceachtúla. Tá an Cathaoirleach chun an moladh a mheas.

**7. Dáta an Chéad Chruinnithe Eile**

17 Samhain 2025 ag 4:30pm